# An Garda Síochána

# Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail Feasachán

**R4 2018**

Taighde le amárach research

**Tá torthaí ardleibhéil ón dara ráithe den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a rinneadh idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2018 le fáil san fheasachán seo.**

Cuireadh ceisteanna ar dhaoine faoi na rudaí seo a leanas: a mbraistintí i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúla; ar bhain íospairt dóibh le bliain anuas; cé acu ar thuairiscigh nó nár thuairiscigh siad an choir sin, agus; a sástacht leis an gcaoi a dhéileáil an Garda Síochána lena dteagmhas. Fiafraíodh de na freagróirí freisin faoin leibhéal imní a bhíonn orthu go mbeidh siad ina n-íospartach coireachta, faoin bhfaitíos a bhíonn orthu roimh an gcoireacht, chomh maith le tionchar na coireachta ar cháilíocht a mbeatha. Fiafraíodh díobh freisin faoi cé chomh infheicthe is a bhíonn na Gardaí agus iad ar patról ina gceantar áitiúil; faoina leibhéal iontaoibhe agus sástachta agus faoina mbraistintí i leith na córa cothroime agus a mbraistintí foriomlána i leith an Gharda Síochána.

Leagtar amach an suirbhé seo lena chur ar dhaoine ar bhonn leanúnach (úsáidtear go leanúnach é chun suirbhé a chur ar mhuintir na tíre) agus cuirtear suirbhé ar 1,500 duine gach ráithe. Bailítear na sonraí trí agallaimh intí agus agallaimh aghaidh ar aghaidh. Tá na torthaí ardleibhéil a léirítear san fheasachán seo bunaithe ar shonraí atá ualaithe de réir aoise, inscne, aicme sóisialta agus náisiúntachta.


Is suirbhé é seo ar shampla randamach daoine; mar sin, caithfear glacadh leis go bhfuil lámháil earráide éigin i gceist. Ríomhtar an lámháil earráide seo ag +/- 2.53% don sampla ráithiúil. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go méadaítear an lamháil earráide de réir mar a dhéantar anailís ar chomhréireachtaí níos lú. Ba cheart é sin a chur san áireamh agus iniúchadh á dhéanamh ar anailís i leith íospartaigh na coireachta. Slánaítear na figiúirí sna cairteacha ina n-úsáidtear céatadáin agus dá bharr sin, ní fhaightear 100% i ngach cás nuair a shuimítear le chéile iad. I gcomhréir leis na modheolaíochta a úsáidtear i dTuarascáil Bliantúil 2017, rinneadh réamhanailís ar na hathróga uile chun comhréir na bhfreagraí 'níl a fhios agam' a mheas. Rinneadh cinneadh ansin maidir le cibé ar chóir iad a fhágáil amach ó anailísí eile ina dhiaidh sin. Baineadh freagraí 'níl a fhios agam' agus freagraí diúltaithe as an anailís más ionann iad agus níos lú ná 10% de na freagraí ag gach pointe tomhais ar leith. I gcásanna gurb ionann iomlán na bhfreagraí 'ní a fhios agam' agus 10% nó níos mó de fhreagraí na bhfreagróirí, léirítear an anailís leis na freagraí sin curtha san áireamh agus gan na freagraí sin curtha san áireamh ar mhaithe le hiomláine nó nuair a mheastar gur gá comparáidí ábhartha a dhéanamh. Déantar monatóireacht leanúnach ar na freagraí 'níl a fhios agam'/freagraí diúltaithe chun a chinntiú go gcoinnítear cáilíocht na sonraí. Ní féidir anailís ar an gcohórt 16 agus 17 mbliana d'aois a léiriú ar bhonn ráithiúil de bharr srianta ar mhéid an tsampla áirithe sin.


## CLÁR ÁBHAIR



2 Braistintí faoi choireacht
2 Íospairt
3 Eagla agus imní faoi choireacht
3 Infheictheacht an Gharda Síochána
4 Sástacht leis an nGarda Síochána
5 Iontaoibh sa Gharda Síochána
5 Comhionannas cóireála ag an nGarda Síochána
6 Braistintí faoi eagraíocht an Gharda Síochána
7 Conclúid



## Déimeagrafaic

In R4 2018, is sampla 1,500 duine fásta 18 mbliana d'aois nó os a chionn atá i gceist.








# Braistintí i leith na coireachta

I R4 2018, bhraith 74% de na freagróirí gur fadhb thromchúiseach nó fhíor-thromchúiseach í an choireacht náisiúnta. Tá méadú tagtha ar na braistintí sin ón ráithe dheireanach agus tá na leibhéil tar éis luainiú idir 71% agus 75% sna suirbhéanna a rinneadh le déanaí. I gcomparáid leis sin, le linn na tréimhse chéanna, níor dúirt ach 16% de na freagróirí gur fadhb thromchúiseach nó fhíor-thromchúiseach í an choireacht áitiúil. Is é sin an toradh ráithiúil is ísle ó athsheoladh an suirbhé seo. Is gné láidir i gcónaí de na foilseachán maidir le Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail é an bhraistint éagsúil maidir le tromchúis na coireachta áitiúla agus tromchúis na coireachta náisiúnta.

## Braistintí i leith na Coireachta Náisiúnta






## Braistintí i leith na Coireachta Áitiúla




Fadhb fhíorthromchúiseach Fadhb thromchúiseach Fadhb bheag Fadhb ar bith

# Íospairt




D'fhan an ráta íospartha[1] ag 4.5%[2] le linn R4 2018, agus dúirt 89%[3] d'íospartaigh ar cuireadh agallamh orthu go ndearna siad an teagmhas coire is déanaí a tharla dóibh a thuairisciú don Gharda Síochána. Is é seo an ráta íospartha ráithiúil is ísle ó athsheoladh an suirbhé seo. Le linn R4 2018, bhí sástacht íospartaigh na coireachta (a rinne an teagmhas coire is déanaí a tharla dóibh a thuairisciú don Gharda Síochána) ag 59%, méadú 4% i gcomparáid leis an ráithe chéanna anuraidh. Leath de na híospartaigh a rinne na coireanna is déanaí a tharla dóibh a thuairisciú don Gharda Síochána, bhí siad den tuairim gur tugadh an méid ceart eolais dóibh; is méadú suntasach é sin (+13%) ón suirbhé deireanach. Le linn 2018, bhí roinnt luaineachta i gceist le leibhéil sástachta i measc íospartaigh na coireachta. Caithfear na hathruithe thíos a léirmhíniú go cúramach de bharr na samplaí ísle atá i gceist.


1 *Áirítear leis sin íospartaigh buirgléireachta, gada, robála, damáiste choiriúil, ionsaithe, nó calaoise.*

2 *Dúirt 68 freagróirí ar cuireadh agallamh orthu le linn R4 2018 gur bhain an íospairt dóibh le 12 mhí anuas.*

3 *Rinne 59 íospartach a gcoir a thuairisciú don Gharda Síochána i R4 2018.*

# Eagla agus Imní faoin gCoireacht


Mar is léir ón gcairt thíos, le linn R4 2018 thuairiscigh breis agus leath (52%) de na freagróirí nach raibh siad imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta. Tá ardú tar éis teacht de réir a chéile ar an méid sin sna suirbhéanna deireanacha a rinneadh. I measc na ndaoine sin a bhí imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta, bhí 3% imníoch faoi bheith ina n-íospartach díobhála pearsanta, bhí 14% imníoch faoi ghoid nó damáiste maoine, agus bhí 31% imníoch faoi bheith ina n-íospartaigh den dá chineál coire. Le linn na tréimhse céanna, thuairiscigh 31% de na freagróirí nach raibh faitíos orthu faoin leibhéal coireachta go ginearálta; tá laghdú leanúnach ag teacht air sin le roinnt suirbhéanna anuas. I measc na ndaoine sin a thuairiscigh go raibh faitíos orthu, bhí an-fhaitíos ar 3%, bhí roinnt faitís ar 31% agus thuairiscigh 34% nach raibh mórán faitís orthu ar chor ar bith. Thuairiscigh 63% de na freagróirí nach gcuireann a bhfaitíos roimh choireacht isteach ar a gcáilíocht bheatha ar chor ar bith. I measc na ndaoine sin a thuairiscigh go raibh tionchar ag a bhfaitíos roimh choireacht ar a gcáilíocht bheatha, dúirt 23% gur ndéanann an fhaitíos sin a gcáilíocht bheatha a laghdú beagáinín, léirigh 11% gur laghdaigh an fhaitíos sin go measartha í agus thuairiscigh 1% gur laghdaigh an fhaitíos go mór í. Cé go raibh laghdú tagtha ar líon na bhfreagróirí a dúirt nach raibh aon fhaitíos orthu roimh leibhéal na coireachta go ginearálta idir R3 agus R4, thug líon níos mó daoine le fios nach n-imríonn faitíos roimh an gcoireacht tionchar ar bith ar a gcáilíocht bheatha agus nach raibh imní orthu go mbeidís ina íospartach coireachta amach anseo.





# Infheictheacht an Gharda Síochána

In R4 2018, bhí 38% de na freagróirí feasach faoi phatróil an Gharda Síochána a bheith ar siúl ina gceantar áitiúil. Tá infheictheacht an Gharda Síochána tar éis fanacht seasmhach go leor agus í ag luainiú idir 36% agus 39% ó R3 2017. Le linn R4 2018, bhí 39% de na freagróirí den tuairim go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil thart ar an leibhéal ceart, sin laghdú 5% i gcomparáid le Q4 2017.

## Patróil Áitiúla an Gharda Síochána





## Líon an Gharda Síochána ar an Láthair go hÁitiúil



# Sástacht leis an nGarda  Síochána

I R4 2018, thuairiscigh 80% de na freagróirí go raibh siad sásta leis an tseirbhís atá á soláthar ag an nGarda Síochána do phobail áitiúla ***(76% nuair a chuirtear freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh)***. Is ardú +3% é sin ón tréimhse chéanna in 2017 agus tá sé ag an leibhéal céanna i gcomparáid leis an bpointe tomhais deireanach. Go ginearálta, tá sástacht leis an seirbhís arna soláthar ag an nGarda Síochána do phobail áitiúla tar éis fanacht ag an leibhéal céanna le linn 2018. Cuireadh ceithre cheist bhreise leis an suirbhé ag tús 2018, ceisteanna a bhaineann le gnéithe áirithe den tseirbhís a chuirtear ar fáil do phobail áitiúla. In R3 2018, d'aontaigh 76% de na freagróirí gur féidir brath ar na Gardaí chun a bheith ar fáil nuair is gá. Tá laghdú 9% tagtha air sin i gcomparáid le R1 2018. D'aontaigh breis agus aon trian de na freagróirí (36%) go raibh droch-chaidrimh idir mhuintir an phobail agus na póilíní, is beag athrú atá tagtha air sin sna ceithre phointe tomhais deireanacha. Bhí 80% de na freagróirí den tuairim go n-éisteann na Gardaí le himní daoine áitiúla; tá laghdú tar éis teacht air sin gach ráithe ón am a cuireadh an cheist sin leis an suirbhé.  Ar deireadh, bhí duine amháin i ngach ceathrar (40%) de na freagróirí den tuairim nach bhfuil na Gardaí ag déileáil le hábhair atá tábhachtach do mhuintir an phobail áitiúil.  D'athraigh an céatadán sin idir 45% agus 38% le linn 2018. Mar a luaitear sa réamhrá, baintear ón anailís freagraí 'níl a fhios agam' agus freagraí diúltaithe más lú ná 10% de na freagraí go léir iad. Ar mhaithe le hiomláine, léirítear sa chairt agus sa tábla thíos comhréireanna leis na freagraí sin curtha san áireamh agus gan na freagraí sin curtha san áireamh.


## Sástacht leis an nGarda Síochána




| | Q1 2018 % freagróirí gan na freagraí 'níl a fhios agam' curtha san áireamh | *Q1 2018 % freagróirí agus na freagraí 'níl a fhios agam' curtha san áireamh* | Q2 2018 % freagróirí gan na freagraí 'níl a fhios agam' curtha san áireamh | *Q2 2018 % freagróirí agus na freagraí 'níl a fhios agam' curtha san áireamh* | Q3 2018 % freagróirí gan na freagraí 'níl a fhios agam' curtha san áireamh | *Q3 2018 % freagróirí agus na freagraí 'níl a fhios agam' curtha san áireamh* | Q4 2018 % freagróirí gan na freagraí 'níl a fhios agam' curtha san áireamh | *Q4 2018 % freagróirí agus na freagraí 'níl a fhios agam' curtha san áireamh* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Is féidir brath ar na póilíní sa cheantar seo a bheith ar fáil nuair is gá | 79% | 70% | 74% | 66% | 76% | 70% | 70% | 64% |
| Tá droch-chaidrimh idir muintir an phobail agus na póilíní | 35% | 29% | 37% | 31% | 37% | 32% | 36% | 30% |
| Éisteann na póilíní sa cheantar seo le himní na ndaoine áitiúla | 84% | 69% | 83% | 70% | 81% | 70% | 80% | 70% |
| Níl na póilíní ag déileáil leis na hábhair atá tábhachtach do mhuintir an phobail seo | 38% | 31% | 45% | 36% | 43% | 36% | 40% | 34% |

# Iontaoibh sa Gharda Síochána


Le linn R4 2018, dúirt beagnach 9 fhreagróir as gach 10 (89%) go raibh leibhéal meánach go leibhéal ard muiníne acu as an nGarda Síochána. Tá iontaoibh sa Gharda Síochána ag an leibhéal céanna ón am a athsheoladh an suirbhé seo.





# Cóir Chomhionann á sholáthar ag an nGarda Síochána

In R4 2018, bhí 93% *(89% nuair a chuirtear freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh)* de na freagróirí den tuairim go léireodh na Gardaí meas orthu dá mbeadh teagmháil ar bith acu leo ar aon chúis. Is beag athrú atá tagtha air sin sna cúig phointe tomhais deireanacha. Nuair a fiafraíodh de na freagróirí cibé an gcaitheann na Gardaí sa cheantar ar bhealach cóir le gach duine, is cuma cé hiad, thug 77% *(62% nuair a chuirtear freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh)* díobh freagra dearfach. Tháinig laghdú air sin gach ráithe ó R4 2017. Léirítear sa chairt thíos comhréireanna leis na freagraí 'níl a fhios agam' chomh maith le comhréireanna gan na freagraí 'níl a fhios agam'.


### Léiríonn na Gardaí meas ar dhaoine




### Caitheann na Gardaí go cothrom le gach duine



# Braistintí faoin nGarda Síochána




Nuair a ceistíodh iad maidir lena mbraistintí faoin nGarda Síochána, dúirt 88% de na freagróirí gur cairdiúil agus cabhrach iad baill an Gharda Síochána; bhí 71% den tuairim gur eagraíocht atá dírithe ar an bpobal atá ann; mheas 66% gur eagraíocht nua-aimseartha agus forásach é; agus cheap an céatadán céanna go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach i ndáil le dul i ngleic leis an gcoireacht. Bhí breis agus leath de na freagróirí den tuairim gur eagraíocht dhea-bhainistithe é an Garda Síochána agus mheas 43% go soláthraíonn an Garda Síochána seirbhís póilíneachta den chéad scoth.
Idir an dá shuirbhé deireanacha, tá laghdú tar éis teacht ar mbraistintí faoin nGarda Síochána i gceithre cinn de na sé thomhas ar éifeachtúlacht agus cumas. Bhí méadú tar éis teacht ar bhraistintí gur eagraíocht chairdiúil nó chabhrach é an Garda Síochána agus níor tháinig aon athrú ar an líon daoine a cheapann go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach i ndáil le dul i ngleic leis an gcoireacht. I ndiaidh an mhéadaithe shuntasaigh a tháinig idir R2 agus R3 2018 ar an mbraistint gur eagraíocht dhea-bhainistithe é an Garda Síochána, tháinig laghdú 3% air idir an dá shuirbhé dheireanacha. Mar a luaitear cheana, baintear ón anailís freagraí 'níl a fhios agam' agus freagraí diúltaithe más lú ná 10% de na freagraí go léir iad. Ar mhaithe le hiomláine, léirítear sa chairt thíos comhréireanna leis na freagraí 'níl a fhios agam' curtha san áireamh agus gan na freagraí 'níl a fhios agam' curtha san áireamh.

# Conclúid

Foilsíonn an Garda Síochána torthaí an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail ar bhonn ráithiúil anois. Is é an Garda Síochána a dhéanann an obair a choimisiúnú agus is é Amárach Research a chuireann an obair allamuigh i gcrích. Is féidir teacht ar na feasacháin agus na tuarascálacha bliantúla roimhe seo ar www.garda.ie.

Nuair a fiafraíodh d'fhreagróirí faoina mbraistintí i leith na coireachta, bhí a bhformhór mór den tuairim go raibh fadhb na coireachta náisiúnta níos tromchúisí ná fadhb na coireachta ina gceantar áitiúil. Bhí méadú tar éis teacht ar an mbraistint gur fadhb thromchúiseach í an choireacht náisiúnta ó rinneadh an suirbhé deireanach den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail, cé go raibh laghdú tar éis teacht ar an mbraistint gur fadhb thromchúiseach í an choireacht áitiúil.

Le linn R4 2018, bhí an ráta íospartha ag 4.5%, agus bhí comhréir na n-íospartach a thuairiscigh a gcoir don Gharda Síochána ag 89%. Tá an ráta íospartha ráithiúil ag an leibhéal is ísle anois ó athsheoladh an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail. Tá rátaí tuairiscithe íospartaigh ag luainiú gcónaí. Is díol spéise é go méadaítear an lamháil earráide de réir mar a dhéantar anailís ar chomhréireachtaí beaga. Mar a luaitear cheana, caithfear a bheith cúramach agus torthaí anailíse a rinneadh ar shamplaí íospartaigh á léirmhíniú.

Idir R4 2017 agus R4 2018, treocht in airde atá i gceist maidir le líon na bhfreagróirí a thuairiscigh nach raibh imní orthu bheith ina n-íospartach coireachta. Le linn na tréimhse céanna, tá laghdú tagtha ar chomhréir na bhfreagróirí atá ag tuairisciú nach bhfuil faitíos orthu roimh leibhéal na coireachta go ginearálta. Comhréir na bhfreagróirí a thuairiscíonn nach n-imríonn a bhfaitíos roimh an gcoireacht tionchar ar bith ar a gcáilíocht bheatha, fanann sé idir 60% agus 68%. Leanfar de mhonatóireacht a dhéanamh de réir mar a fhoilsítear torthaí ráithiúla.

Tá an fheasacht i leith phatróil an Gharda ag 38% i R4 2018, agus is ag 39% atá braistintí i leith láithreacht na nGardaí a bheith ag an leibhéal ceart. Tá na braistintí sin tar éis fanacht seasmhach sna suirbhéanna go léir a rinneadh le déanaí agus is beag athrú a tháinig ar líon na bhfreagróirí a thug patróil an Gharda Síochána faoi deara nó ar an líon a thug le fios go raibh siad sásta le láithreacht na nGardaí ina gceantar áitiúil.

Le linn R4 2018, thuairiscigh 80 % de fhreagróirí go raibh siad sásta leis an tseirbhís atá á soláthar do phobail áitiúla ag an nGarda Síochána. Tá méadú 3% tagtha air sin ó R4 2017 agus níl aon athrú tagtha air ó R4 2018. Léirítear sna cheist nua maidir le sástacht leis na Gardaí go háitiúil go bhfuil formhór na bhfreagróirí den tuairim gur féidir brath ar na Gardaí nuair is gá agus go n-éisteann siad le himní na ndaoine áitiúla.
Le linn 2018, bhí thart ar fhreagróir amháin i ngach triúir den tuairim go raibh droch-chaidreamh idir na Gardaí agus muintir an phobail agus bhí líon daoine beagáinín níos mó ná sin den tuairim nach bhfuil na Gardaí ag déileáil le hábhair atá tábhachtach do mhuintir an phobail áitiúil.

Tá iontaoibh an phobail in eagraíocht an Gharda Síochána fós ard ag 89%. Tá formhór mór na bhfreagróirí den tuairim go gcaithfeadh na Gardaí leo féin nó le daoine eile le meas i dteagmháil ar bith ar aon chúis. Sna suirbhéanna a rinneadh le déanaí, tá laghdú tagtha ar líon na ndaoine atá den tuairim go gcaitheann an eagraíocht go cothrom le gach duine is cuma cé hiad. Idir R3 2018 agus R4 2018, tháinig laghdú ar bhraistintí a bhaineann le héifeachtúlacht agus cumas an Gharda Síochána i bhformhór na dtomhas. Sna suirbhéanna ráithiúla a rinneadh in 2018, is beag athrú go ginearálta a tháinig ar an tuairim gur eagraíocht chairdiúil nó chabhrach é an Garda Síochána atá dírithe ar an bpobal agus a sholáthraíonn seirbhís póilíneachta den chéad scoth. Feictear éagsúlachtaí suntasacha sna braistintí gur eagraíocht nua-aimseartha nó forásach é an Garda Síochána agus go bhfuil sé éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht de. Leanfar de mhonatóireacht ráithiúil a dhéanamh in 2019.